Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2009-14

Plean Páirtíochta, arna ullmhú ag
Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin.

Plean ar ghlac Comhairle Chontae Chill Mhantáin leis
ar an 7ú Meán Fómhair 2009

Is mian le Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus le Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin aitheantas a thabhairt do ról na Comhairle Oidhreachta maidir le Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin a thionscain i gcomhar le Comhairle Chontae Chill Mhantáin.

Is mór ag an bhFóram, ach go háirithe, tacaíocht na Comhairle Oidhreachta maidir le post mar Oifigeach Oidhreachta a mhaoiniú i gcomhar le Comhairle Chontae Chill Mhantáin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil, ach dul i dteagmháil le:

Deirdre Burns
Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Chontae Chill Mhantáin,
Áras an Chontae
Baile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin
Guthán: 0404 20100/ 20191
Facs: 0404 69462
r-phost: dburns@wicklowcoco.ie

© Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin

County Wicklow
Heritage Plan

CLÁR

I. Brollach

II. Réamhrá:
Comhthéacs - Náisiúnta agus Áitiúil
Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2004-08
Mar a ullmhaíodh an Plean seo
Mar a chuirfear an Plean seo i bhfeidhm
Maoiniú
Páirtithe
Monatóireacht & Measúnú

III. An Plean: Cuspóirí agus Gníomhartha

Aguisíní

1. Próiseas an Phlean Oidhreachta
2. Comhaltaí an Fhóraim Oidhreachta & Grúpaí Oibre gaolmhara
3. Cur i bhFeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2004-8
4. Gluais Téarmaí
5. Reachtaíocht Oidhreachta a bhaineann le hábhar

I. Brollach

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin

Is mór an onóir domsa, mar chathaoirleach ar Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin, a bheith bainteach le Plean Oidhreachta an Chontae. Rinneadh obair mhór ó bunaíodh Fóram Oidhreachta i 2003 faoi threoir ár nOifigeach Oidhreachta, Deirdre Burns.

Toradh ar phróiseas rannpháirtíochta an phobail, údarás áitiúla, grúpaí oidhreachta agus earnálacha gnó agus stáit is ea an plean oidhreachta. D'oibrigh na dreamanna ar fad a bhfuil baint acu le hobair oidhreachta i gcomhar lena chéile chun clár um bearta praiticiúla oidhreachta a fhorbairt sa chontae.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil le baill uile an Fhóraim a chabhraigh go dúthrachtach leis an plean seo a thabhairt i gcrích.

Is mór mo mhuinín go gcothóidh an plean seo tuiscint níos fearr ar oidhreacht thógtha, ar oidhreacht nádúrtha agus ar oidhreacht chultúrtha ár gContae.

Noel Keyes, Cathaoirleach

Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Mhantáin

Is údar áthais domsa, mar chathaoirleach ar Chomhairle Chontae Chill Mhantáin, fáilte a chur roimh fhoilsiú an dara plean Oidhreachta de chuid Chontae Chill Mhantáin. Táimid saibhir ó thaobh na hoidhreachta de i gContae Chill Mhantáin agus tá freagracht orainn an oidhreacht sin a chosaint do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a bhí rannpháirteach sa tionscadal seo, go háirithe baill Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin. Acmhainn luachmhar amach is amach is ea a gcuid taithí ar agus a gcuid eolais faoi Chill Mhantáin.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhúthracht agus do chur chuige cuimsitheach ár nOifigeach Oidhreachta, rud atá le feiscint go follasach sa phlean seo.

Guím gach rath ar an bplean seo,

Le meas,

Pat Vance
Comhairle Chontae Chill Mhantáin

Teachtaireacht ó Bhainisteoir Contae Chomhairle Chontae Chill Mhantáin

Is údar áthais domsa E, mar Bhainisteoir Contae, dara Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin a bheith ullmhaithe ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin. Is é is aidhm don phlean sin, creat oibre a leagadh amach maidir le caomhnú, le bainistiú agus le feabhsú na hoidhreachta sa chontae sa tréimhse chúig bliana atá romhainn.

Contae is ea Contae Chill Mhantáin lena mbaineann oidhreacht shaibhir éagsúil, a chuireann go mór le mianach saoil na ndaoine a chónaíonn anseo agus a chuireann le forbairt

gheilleagrach an chontae, chomh maith. Amhail acmhainní ar bith eile, ní mór an oidhreacht a bhainistiú agus a phleanáil go cúramach d'fhonn féachaint chuige go ndéanfar í a chosaint agus fheabhsú. Mar chuid de thiomantas na comhairle maidir leis an oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chosaint, choinnigh sí caidreamh ar siúl leis an gComhairle Oidhreachta le blianta beaga anuas chun post mar Oifigeach Oidhreachta a chruthú. Bhí lámh ag an Oifigeach Oidhreachta maidir le Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin a thionscain agus a bhunú agus le tiomsú an phlean seo a chomhordú.

Tá cruthú Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin ina chruthúnas ar pháirtíocht nua idir Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus Comhairlí Baile Bhré, Bhaile Chill Mhantáin, na gClocha Liath agus an Inbhir Mhóir, mar aon le comhlachtaí ábhartha reachtúla, ionadaithe lucht gnó, grúpaí pobail agus comhshaoil agus páirtithe éagsúla sóisialta. Tá comhaltaí Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin tar éis glacadh agus tacú leis an bplean seo go hoifigiúil, agus tiomantas tugtha acu é a sheachadadh sna cúig bhliain seo romhainn.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a bhí bainteach le hullmhú an phlean seo, ach go háirithe leis an bhFóram Oireachta as tacaíocht agus treoir leanúnach a sholáthar, le Cathaoirleach Fhóram Oidhrachta Chill Mhantáin, Noel Uasal Keyes, le comhaltaí an Fhóraim, chomh maith leis na daoine eile ar fad a bhí rannpháirteach san obair ar bhealaí eile, trí ghrúpaí oibre, trí sheimineáir, trí chruinnithe nó trí rannpháirtíocht sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le Deirdre Burns, Oifigeach Oidhreachta Chill Mhantáin as ucht a cuid oibre ar fad ó thaobh an plean seo a fhorbairt agus maidir le cúrsaí oidhreachta i gcoitinne i gCill Mhantáin.

Is léiriú ar ré nua atá sa phlean seo maidir le bainistíocht oidhreachta i gCill Mhantáin. Táim ag dúil lena chur i bhfeidhm sna cúig bhliain atá romhainn agus táim cinnte go dtiocfaidh lear mór buntáistí as do na daoine ar fad a mbíonn "Gairdín na hÉireann" mar ionad cónaithe, oibre nó cuairte acu.

Eddie Sheehy,
Bainisteoir Contae

II. Réamhrá

Is é seo an dara Plean Oidhreachta chúig bliana do Chontae Chill Mhantáin atá ullmhaithe ag Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin. Tugtar ar aghaidh ann ollaidhm an Phlean a chuaigh roimhe, mar atá, “oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chaomhnú, agus cur le tuiscint uirthi agus le taitneamh aisti ag muintir uile Chill Mhantáin”.

Chun críocha an Phlean, glactar leis go gcuimsíonn an oidhreacht séadchomharthaí, seandálaíocht, réada oidhreachta, ailtireacht, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, longa briste, geolaíocht, gairdíní, páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre, mar a leagadh síos in Acht Oidhreachta 1995. Ina theannta sin, áfach, ghlac an Fóram Oidhreachta gnéithe tábhachtacha den oidhreacht chultúrtha a bhaineann le Contae Chill Mhantáin a thabhairt isteach faoi scóip an Phlean seo chomh maith, mar atá, stair scríofa, ginealas, logainmneacha, scileanna agus ceirdeanna traidisiúnta.

Is é éagsúlacht na hoidhreachta i gContae Chill Mhantáin a thugann ann dá carachtar uathúil, a dhealaíonn bailte, sráidbhailte agus áiteanna tuaithe óna chéile agus ag tairiscint buntáistí díreacha do mhuintir Chill Mhantáin ó thaobh ‘éirim áite’ de, mar aon le saol maith agus leas geilleagrach. Is é is aidhm don Phlean nua Oidhreachta ná tógáil ar na nithe a baineadh amach faoin phlean tosaigh agus aird a thabhairt san am céanna ar athruithe ar an timpeallacht náisiúnta agus áitiúil ó foilsíodh an chéad phlean.

Comhthéacs - Náisiúnta agus Áitiúil

Leagadh amach sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta (2002) aisling náisiúnta maidir leis an oidhreacht a bhainistiú, ina bhfuil cuid thábhachtach den phlean sin dírithe ar bhainistíocht áitiúil oidhreachta, trí mheán Pleananna Áitiúla Oidhreachta. Tá príomhthéamaí an Phlean Náisiúnta Oidhreachta (ina gcuirtear an oidhreacht ag croílár an tsaoil phoiblí, ina dtugtar cosaint don oidhreacht, ina gcuirtear le heolas agus ina gcuirtear tuiscint ar an oidhreacht chun cinn) ag teacht bonn ar bonn i gcoitinne le téamaí Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin. Tugtar aitheantas sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta don ról lárnach a imríonn Fóram Oidhreachta an Chontae agus Pleananna Áitiúla Oidhreachta.

Tugtar cur síos imlíneach sa Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta (2002) ar straitéis an Rialtais i leith na bithéagsúlachta agus gairm do na húdaráis áitiúla pleananna gnímh um bithéagsúlacht a ullmhú i gcomhairle le lucht leasmhara áitiúla. Is é is aidhm do Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin an cuspóir sin a sheachadadh trí mheán Plean Gnímh Áitiúil um Bithéagsúlacht a réiteach do Chontae Chill Mhantáin agus sonraí a bhailiú maidir leis an mbithéagsúlacht trí thaighde agus trí shuirbhéanna agus feasacht ar a thábhachtaí is atá sé sin a chur chun cinn trí imeachtaí, trí sheimineáir agus trí oiliúint.

Aithnítear sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta agus Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta araon an ról atá ag Údaráis Áitiúla mar phríomhpháirtithe maidir le cuspóirí náisiúnta a iompó ina ngnímh go háitiúil agus cabhair agus tacaíocht a sholáthar maidir le forbairt oidhreachta ar an leibhéal áitiúil.

Is é Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2004-2010 plean reachtúil agus straitéiseach bainistíochta an chontae. Soláthraítear ann an comhthéacs príomhúil ina nglactar cinntí a bhaineann le hacmhainní oidhreachta Chill Mhantáin a bhainistiú. Féachtar trí mheán na ngníomh a ghlactar ar láimh faoin Phlean Oidhreachta le cur lena bhfuil d’eolas againn agus bonn eolais a sholáthar ó thaobh acmhainn a bhainistiú, rud a sholáthraíonn bonn eolais do na beartais i bPlean Forbartha an Chontae agus an próiseas déanta cinntí a eascraíonn as.

I gcáipéis straitéise Bhord Forbartha Chill Mhantáin, “Outlook 2002-12”, leagtar amach fís i gcoitinne maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha an chontae. Imríonn an Plean Oidhreachta ról tábhachtach ó thaobh gnéithe cultúrtha an Phlean sin a chomhlánú agus gníomhartha sainiúla a chur i gcrích. Ina theannta sin, cuireann an Plean Oidhreachta an prionsabal sin chun cinn a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail áitiúil, a bhfuil ionad croíláir aige i “Local Agenda 21”.

Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2004-08
Ba é Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2004-08 an chéad Phlean Oidhreachta a ceapadh i gcomhair an chontae, arbh é Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin a d'ullmhaigh Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin a chomhordaigh é. Cur chuige úrnua maidir le bainistíocht agus comhairliúchán sa chontae a bhí ann Fóram Oidhreachta a chur ar bun ar a mbeadh ionadaíocht comhdhéanta de na hearnálacha seo a leanas i gContae Chill Mhantáin: údaráis áitiúla, comhlachais reachtúla agus neamhreachtúla, comhshaoil, forbairt áitiúil, talmhaíocht, pobail agus gnó. Leagadh straitéis oibre amach sa Phlean sin timpeall ar na téamaí seo a leanas: cur le tuiscint ar an oidhreacht ar an leibhéal áitiúil, bailiú agus tiomsú faisnéise, cosaint níos fear don oidhreacht agus rannpháirtíocht níos mó a spreagadh i measc an phobail.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm faoi Phlean Oidhreachta 2004-08 a fháil in Aguisín 3, ar a n-áirítear cuid de na nithe is tábhachtaí a cuireadh i gcrích mar seo a leanas:

Cur le Tuiscint ar Chúrsaí Oidhreachta: imeachtaí poiblí agus seimineáir oiliúna a óstáil faoi na hábhair seo a leanas: Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta, Bealaí Siúlóide Áineasa a Fhorbairt, Stair a Thaifeadadh ó Bhéal. Reiligí Stairiúla, Nuachtlitir Oidhreachta a Fhorbairt agus a Fhoilsiú faoi dhó sa bhliain, bileoga fiadhúlra agus féilirí oidhreachta a fhoilsiú.

Faisnéis a Bhailiú agus a Thiomsú: Suirbhé ar Fhoirgnimh Thraidisiúnta Tuaithe Chontae Chill Mhantáin, foilseachán a bhaineann le hOidhreacht Mhianadóireachta Chill Mhantáin, Treoir do Sheandálaíocht Chontae Chill Mhantáin.

Cosaint Níos Fearr don Oidhreacht: Staidéir limistéar bithéagsúlachta agus léarscáil a dhéanamh de ghnáthóga uirbeacha, staidéir Limistéar Ailtireachta Faoi Chosaint, Plean Fearainn Phoiblí do Bhaile Chill Mhantáin, Ráitis um Dhearadh Sráidbhailte.

Rannpháirtíocht Níos Mó a Spreagadh sa Phobal: Laethanta Gníomhaíochta Pobail, oiliúint do na Bailte Slachtmhara, aicme Oidhreachta a thabhairt isteach i scéim bhliantúil Dámhachtana Pobail agus Oidhreachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin.

Mar a ullmhaíodh an Plean seo
Úsáideadh modheolaíocht na Comhairle Oidhreachta chun an Plean Oidhreachta a ullmhú. Rinneadh athbhreithniú ar an bhFóram Oidhreachta in Eanáir 2009, inar tugadh cuireadh d'eagraíochtaí nua a bheith i láthair agus inar tugadh daoine nua isteach ó na grúpaí éagsúla ainmnithe. (Féach liosta iomlán ballraíochta in Aguisín 2). Thángthas ar comhaontú maidir leis an bpróiseas agus tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí a chur isteach laistigh de 6 seachtain, sa tréimhse Feabhra—Márta. Cuireadh teimpléad ceistneora ar fáil mar fhormáid roghnach chun aighneachtaí a chur isteach agus chuaigh an tOifigeach Oidhreachta i dteagmháil go díreach le grúpaí agus le daoine éagsúla. Rinneadh fógraíocht fhairsing i leith an phróisis sa phreas áitiúil agus ar an raidió áitiúil agus bhí alt faoi san eagrán earraigh den iris *Heritage Wicklow/Oidhreacht Chill Mhantáin*. Fuarthas 30 aighneacht i scríbhinn.

Bunaíodh trí ghrúpa oibre ina raibh baill den Fhóraim agus saineolaithe ábhartha ón dtaobh amuigh. Ba iad ba theidil do na grúpaí oibre sin ná Oidhreacht Nádúrtha, Oidhreacht Thógtha agus Oidhreacht agus Cultúr Áitiúil. Bhí 2-3 cruinniú ag gach ceann de na grúpaí sin chun na haighneachtaí a tháinig isteach a scrúdú agus chun gníomhartha molta a dhréachta i gcomhair an Phlean Oidhreachta. Tháinig an Fóram Oidhreachta le chéile i Mí na Bealtaine 2009 chun tuairiscí a chlos ó na grúpaí ar fad agus tháinig sé ar chomhaontú maidir le scata gníomhartha. Tugtar anseo síos achoimre ar na céimeanna a ghlacadh in ullmhú an Phlean.

Próiseas Ullmhaithe an Phlean Oidhreachta:

1. An intinn maidir le Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2009-14 a fhógairt agus cuireadh don phobal aighneachtaí a chur isteach (Feabhra 10th - 26th Márta 2009)

2. Méar a dhíriú ar cheisteanna agus ar riachtanais oidhreachta, bunaithe ar an eolas a bailíodh (Márta - Mí na Bealtaine)

3. Grúpaí oibre a bhunú chun cuspóirí a mhúnlú agus gníomhartha sainiúla dá réir (Márta - Mí na Bealtaine)

4. An Fóram Oidhreachta an dréachtphlean oidhreachta a cheadú (28ú Mí na Bealtaine)

5. An dréachtphlean oidhreachta a chur faoi bhráid chomhaltaí tofa Chomhairle Chontae Chill Mhantáin chun go gceadófaí é (6ú Iúil)

6. An dréachtphlean oidhreachta a chur ar taispeáint don phobal agus comhairliúchán poiblí a chur ar siúl (6ú Iúil-20ú Lúnasa)

7. Na haighneachtaí a cuireadh isteach i leith an dréachtphlean a mheas agus an plean leasaithe a chur faoi bhráid na gcomhaltaí tofa maidir lena fhaomhadh. (Ghlac Comhairle Chontae Chill Mhantáin leis ar an 7ú Meán Fómhair 2009)

Conas a chuirfear an plean seo i bhfeidhm
Plean oibre chúig bliana don tréamhse 2009-2014 is ea an Plean Oidhreachta. Tá Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin, Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus an Chomhairle Oidhreachta mar phríomhpháirtithe ó thaobh an Plean a sheachadadh. Déanfar clár mionsonraithe oibre a dhréachtadh timpeall ar na gníomhartha sa Phlean gach bliain, agus cuirfear an clár sin faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta agus na ngníomhaireachtaí maoinithe eile, ag liostáil tosaíochtaí, mar is cuí.

Maoiniú: Tá an Chomhairle Oidhreachta i ndiaidh a chomhaontaithe i bprionsabal caitheamh leis an bPlean mar iarratas um maoiniú straitéiseach chúig bliana. Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta machnamh maidir le gníomhartha sa Phlean a mhaoiniú, ag teacht le gnáthchritéir um maoiniú de réir a gcuspóirí.

Tá Comhairle Chontae Chill Mhantáin tar gealltanas a thabhairt Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin a sheachadadh i gcomhar le páirtithe eile sna cúig bhliain seo romhainn, de réir mar a bhíonn fáil ar acmhainní chuige sin. Déanfaidh an Chomhairle machnamh maidir le maoin a leithdháileadh chun an Plean a sheachadadh de réir an bhuiséid bhliantúil. Ina theannta sin, tacóidh an Chomhairle le seachadadh an Phlean tríd an obair a dhéanann a hOifigeach Oidhreachta agus trí obair a lucht foirne gairmiúil.

Beidh gealltanas príomhpháirtithe eile maidir le gníomhartha sa Phlean a mhaoiniú ag brath, cuid mhór ar a leithdháileadh maoinithe agus ar a sainchúraim agus déanfar cinneadh ina leith sin nuair a bheidh na cláir oibre á ndréachtú.

Páirtithe: Agus clár oibre na bliana á chomhaontú, iarrfar gealltanais ó pháirtithe ábhartha, ar a n-áireofar páirtithe breise (de réir mar a theastaíonn) chun gníomhartha tábhachtacha a chur i bhfeidhm. Beidh comhariliúchán leantach ann le heagraíochtaí ábhartha eile maidir le rannpháirtíocht i ngníomhartha molta. Cuirfear an bhéim ar an bpáirtí ceannais atá freagrach as gníomhartha a sheachadadh mar chuid den chlár comhaontaithe oibre.

Monatóireacht agus Measúnú: Leagtar síos i bPlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin sraith gníomhartha atá le cur i gcrích i dtréimhse chúig bliana. Beidh cur síos mion i gclár oibre na bliana ar na tionscadail atá le déanamh agus ar na páirtithe a bheidh freagrach as ucht a seachadta. Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin monatóireacht ar chlár oibre na bliana agus tiocfaidh le chéile ar a laghad ceithre huair in aghaidh na bliana chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Eagrófar cruinnithe de na grúpaí oibre de réir mar is gá chun gníomhartha ar leith sa chlár oibre a chur i gcrích.

III. An Plean: Cuspóirí agus Gníomhartha

Is é is cuspóir i gcoitinne do Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin, mar a leag Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin amach é, ná

"*oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chaomhnú, agus cur le tuiscint uirthi agus le taitneamh aisti ag muintir uile Chill Mhantáin*."

Déantar na gníomhartha sa Phlean a rangú faoi cheithre phríomhchuspóir, mar atá thíos. Is iad na gníomhartha sa Phlean na huirlisí trínar féidir na cuspóirí a sheachadadh.

Cuspóirí:

1. Cur le tuiscint agus taitneamh oidhreachta ag cách.

2. An cleachtas is fearr a fhorbairt agus a spreagadh chun gníomhartha praiticiúla a sheachadadh a chuirfidh le cosaint na hoidhreachta i gContae Chill Mhantáin

3. Faisnéis a thiomsú maidir le hacmhainn oidhreachta Chontae Chill Mhantáin, chun go mbeadh tuiscint níos fearr ag daoine uirthi agus chun go mbainfí úsáid éifeachtach as sonraí oidhreachta mar bhonn le beartas agus cinntí a dhéanamh sa chontae.

4. Chun an pháirtíocht agus an rannpháirtíocht ghníomhach ag cách a spreagadh, chun leasa na hoidhreachta i gContae Chill Mhantáin.

Gníomhartha:

1. Cur le tuiscint agus taitneamh oidhreachta ag cách.

1.1. Tuiscint níos fearr ar an oidhreacht a spreagadh i measc an phobail i gContae Chill Mhantáin trí nuachtlitir Oifig Oidhreachta a scaipeadh, imeachtaí poiblí agus cúrsaí oiliúna a eagrú. ábhar oidhreachta den scoth a chur ar shuíomh idirlín Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin agus leas a bhaint as na meáin áitiúla.

1.2. Forbairt Bord Fógraíochta Oidhreachta ag príomhionaid roghnaithe pobail ar fud an chontae, ónar féidir le baill an phobail eolas a fháil.

1.3. Obair a dhéanamh i bpáirt le Turasóireacht Chill Mhantáin chun ábhar fógraíochta maidir le hoidhreacht Chontae Chill Mhantáin a tháirgeadh agus a scaipeadh i bhformáidí éagsúla, mar aon le heolas faoi láithreáin ar leith chun cuairt a thabhairt orthu. Smaoineamh ar plaiceanna agus ar painéil eolais a chur le foirgnimh/tithe roghnaithe sa chontae atá inspéise ó thaobh na hoidhreachta de, de réir mar is cuí..

1.4. Laethanta Oscailte Oidhreachta a eagrú, ina n-osclaítear don phobal ag amanna sannaithe foirgnimh roghnaithe nach mbíonn ar oscailt don phobal de ghnáth.

1.5. Tacú le hiarrachtaí an turasóireacht a bhaineann le hoidhreacht a chur chun cinn, an “éiceathurasóireacht”, ach go háirithe, mar aon le turasóireacht bunaithe ar ghinealas, stádas Láithreán Oidhreachta Domhanda a bhaint amach do Ghleann Dá Loch agus tionscnaimh ina gcuirtear béim ar a thábhachtaí ó thaobh oidhreachta de atá turasóireacht a bhaineann le “Gairdín na hÉireann”.

1.6. Oibriú le cártaí poist (le grianghraif, le hirisí taistil, srl.), a bhíonn ar fáil ar líne don phobal agus trí áiseanna nua, ar a n-áirítear an síneadh nua le leabharlann na gClocha Liatha.

1.7. An leas is féidir a bhaint as deiseanna a bhíonn á dtairscint sa tSeachtain Oidhreachta chun oidhreacht Chontae Chill Mhantáin a chur chun cinn agus grúpaí pobail agus baill aonair den phobal a spreagadh chun rannpháirtíochta.

1.8. Scileanna traidisiúnta i gContae Chill Mhantáin a chur chun cinn agus deiseanna a sholáthar chun scileanna éagsúla traidisiúnta agus lucht a gcleachtaithe a chur ar taispeáint trí imeachtaí agus trí laethanta oscailte.

1.9. Féachaint le tionscadal idirlín maidir le “Cill Mhantáin” fhíorúil a fhorbairt chun stóras amháin a chruthú don eolas oidhreachta sa chontae, rud a chuireann le tuiscint agus le taitneamh daoine maidir le cúrsaí oidhreachta agus a spreagann turasóireacht bunaithe ar chúrsaí oidhreachta.

1.10. Fiosrú a dhéanamh maidir le scéim a fhorbairt “Sráidbhaile Oidhreachta” a fhorbairt do Chontae Chill Mhantáin. An scéim sin a úsáid mar chomhlánú ar Limistéir Caomhnaithe Ailtireachta reatha an chontae, mar aitheantas agus luach saothair maidir le hiarrachtaí áitiúla agus chun cur le tuiscint, le taitneamh agus le cumas turasóireachta áitiúil.

1.11. Tionscadal oideachais/comórtas scoile a fhorbairt timpeall ar théama oidhreachta i gContae Chill Mhantáin.

1.12. Fiosrú a dhéanamh maidir le conas “Daonpháirc” a fhorbairt mar áis do chuairteoirí chun taitneamh agus tuiscint níos fearr a fhorbairt maidir le tithe na ndaoine agus le stíleanna traidisiúnta i gContae Chill Mhantáin.

1.13. Cur chuige comhaontaithe a fhorbairt maidir le léirmhíniú na hoidhreachta i gContae Chill Mhantáin (bunaithe go garbh ar an múnla “comharthaíocht phainéil sráidbhailte” arna fhorbairt ag an Wicklow Uplands Council) chun cabhrú le pobail

daoine ionchur a bheith acu i bhforbairt comharthaíochta agus léirmhínithe bainteach leis an oidhreacht áitiúil.

1.14. Spreagadh a sholáthar chun na tochailtí ar fad a bhaineann le scéimeanna bóithre náisiúnta i gContae Chill Mhantáin a fhoilsiú, agus imeachtaí poiblí a reáchtáil chun aird a dhíriú ar thábhacht na bhfionnachtana seandálaíochta sin.

2. An cleachtas is fearr a fhorbairt agus a spreagadh chun gníomhartha praiticiúla a sheachadadh a chuirfidh le cosaint na hoidhreachta i gContae Chill Mhantáin

2.1 Faisnéis a chur ar fáil faoi logainmneacha Chontae Chill Mhantáin, mar aon le comhairle agus treoir maidir le forbairtí nua a ainmniú as oidhreacht agus cultúr áitiúil.

2.2 Tacaíocht a chur ar fáil, de réir mar is acmhainn dúinn, chun saineolaithe a fhostú in Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin, mar atá, Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, Oifigeach Bithéagsúlachta agus Comhairleoir um Shéadchomharthaí Allamuigh.

2.3 Treoir a chur ar fáil don phobal maidir le cosaint gnéithe éagsúla oidhreachta i gContae Chill Mhantáin, ar a n-áirítear nós imeachta le leanúint agus sonraí ábhartha teagmhála maidir le hoibreacha a bhfuiltear in amhras fúthu mar oibreacha neamhúdaraithe nó dochar do struchtúir faoi chosaint, do ghnéithe seandálaíochta, do chrainn nó do ghnéithe eile den oidhreacht.

2.4 Treoir a fhorbairt, mar shuíomh idirlín, b'fhéidir, chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn maidir le foirgnimh nua a chur isteach sa tírdhreach – ábhair oiriúnacha, suíomh, dearadh, plandú, srl.

2.5 Plean Gnímh Áitiúil um Bithéagsúlacht a chur ar fáil do Chontae Chill Mhantáin, ina leagfar amach gníomhartha comhaontaithe in ord tosaíochta maidir le cosaint, le bainistíocht na bithéagsúlachta agus le tuiscint di.

2.6 Tabhair faoi oiliúint do lucht foirne Údarás Áitiúla a bheidh dírithe ar a chinntiú go ngéillfear do na hoibleagáidí reachtúla agus go leanfar den chleachtas is fearr maidir le gach beartas, gach plean agus gach cinneadh. Ar a lorg sin, athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí na Comhairle agus ar an dea-chleachtas a shníomh isteach i straitéisí agus i mbeartais.

2.7 Tacú le forbairt "Straitéis Conairí Glasa" don Chomhairle chun iomláine agus nascadh idir suímh thábhachtacha agus gnáthóga tábhachta a aithint agus a chothú, mar shampla, bealaí uisce, coillte agus cósta agus beartaithe athchóirithe a phleanáil chun dul i ngleic le tionchar athraithe aeráide.

2.8 Tacú le Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta a aithint i mbailte agus i sráidbhailte Chontae Chill Mhantáin chun a gcarachtair uathúla a chosaint.

2.9 Faisnéis a thiomsú maidir le gnéithe éagsúla oidhreachtaí tógtha agus nádúrtha Chontae Chill Mhantáin mar bhonn níos fearr le beartas agus mar chosaint níos fearr.

2.10 Tacú le tionscnaimh mar na Ráitis um Dhearadh Sráidbhailte agus na Pleananna Réimsí Pobail a sholáthraíonn deis do phobail rannpháirtíocht níos mó a ghlacadh san obair a bhaineann le carachtair uathúla limistéar pobail a aithint, a thuiscint agus a chosaint. Scaipeadh eolais agus treorach faoi sin a spreagadh.

2.11 Treoirlínte agus comhairle i gcomhair údarás pleanála, forbróirí agus úinéirí talún maidir le réimse cúrsaí a bhaineann le caomhnú na bithéagsúlachta a shníomh isteach sa phróiseas forbartha.

2.12 Tacú le tionscnaimh chun smacht a chur ar speicis flóra agus fauna ionracha (mar shampla, iora glas, upport initiatives to control invasive flora and fauna species in Contae Chill Mhantáin (e.g. grey squirrel, glúineach bhiorach), agus tuiscint a scaipeadh i measc an phobail i dtaobh na gcúrsaí sin, a mbeidh práinn níos mó ag baint leo de réir mar a bheidh athrú ag teacht ar an aeráid.

3. Faisnéis a thiomsú maidir le hacmhainn oidhreachta Chontae Chill Mhantáin, chun go mbeadh tuiscint níos fearr uirthi

3.1 Tacú le tiomsú innéacs acmhainní stairiúla do Chontae Chill Mhantáin mar thaca le hiarrachtaí taighde a bhaineann leis an stair. Cuirtear isteach san innéacs sin irisí áitiúla, tionscadail taighde, foinsí cartlannaíochta eile agus lucht teagmhála a bhaineann le hábhar.

3.2 Tionscnamh a fhorbairt in éineacht le grúpaí áitiúla i gContae Chill Mhantáin chun úsáid a bhaint as foinsí staire ó bhéal agus i scríbhinn chun faisnéis a thiomsú i dtaobh ainmneacha páirceanna sa chontae.

3.3 Fardal iniúchta a thiomsú de láithreáin oidhreachta i gContae Chill Mhantáin lena mbaineann cumas turasóireachta. Ba cheart go bhféachfaí san fhardal sin ar chúrsaí ar a n-áirítear leochaileacht an tsuímh, íogaireachtaí timpeallachta, páirceáil gluaisteán, rochtain ag cuairteoirí, léirmhíniú, ceangail le córas poiblí iompair, mar aon le measúnú ar chumas an tsuímh i gcoitinne feidhmiú ar ionad meallta turasóirí.

3.4 Staidéar a chur ar bun in éineacht le gníomhaireachtaí turasóireachta agus forbartha áitiúil, chun measúnú a dhéanamh ar luach geilleagrach na hoidhreachta don turasóireacht i gContae Chill Mhantáin agus, mar chuid den staidéar sin, measúnú ar thionchar measta athrú na haeráide ar oidhreacht na gceantar cois cósta agus impleachtaí geilleagracha dá bharr.

3.5 Iniúchadh agus léirmhíniú ar thábhacht na gcnuasach oidhreachta atá i gContae Chill Mhantáin agus ar ábhar inspéise a bhaineann le Contae Chill Mhantáin atá i gcnuasaigh náisiúnta. Teacht ar áiseanna oiriúnacha sa chontae chun an t-ábhar sin a chur ar taispeáint don phobal agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

3.6 Staidéir a chur ar siúl de réir mar is acmhainn dúinn, chun limistéir a aithint lena mbaineann tábhachtach bithéagsúlachta, mar aon le gnéithe den chultúr áitiúil i gContae Chill Mhantáin. Úsáid a bhaint as torthaí na staidéar sin mar bhonn eolais do phleananna ag údaráis áitiúla, go háirithe i gcás go mbíonn na gnáthóga agus na gnéithe sin leochaileach ó thaobh éifeacht ag athrú aeráide orthu, nó inar féidir iad a shníomh isteach i mbearta athchóirithe chun dul i ngleic leis na dóigheanna ina dtéann athrú aeráide i gcionn orthu.

3.7 Féachaint an mbeadh sé indéanta staidéir réigiúnach a dhéanamh i gcomhar le contaetha a shíneann taobh le Contae Chill Mhantáin chun buntáistí geilleagracha na bithéagsúlachta a aithint agus a mheas.

3.8 Suirbhé a chur ar bun maidir le droichid agus lintéir i gContae Chill Mhantáin chun eolas a chur ar a n-úsáid ag fauna agus féachaint an bhfuil bacanna ar bith ar a ngluaiseacht, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe ar aeráid agus ar phatrúin na báistí, srl. An t-eolas sin a úsáid chun iarfheistiú gnéithe a chur ar siúl, mar shampla, boscaí nide, sciatha éisc agus laftáin sineach, áit ar bith inar féidir.

3.9 Fardal iniúchta a chur ar siúl maidir le láithreáin oidhreachta geolaíochta i g Contae Chill Mhantáin, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

3.10 Tacú le tionscnaimh chun feabhas a chur ar chosaint reachtúil na gceantar tírdhreacha goilliúnacha agus leochaileacha i gContae Chill Mhantáin trí mheán eolas bunlíne (tírdhreacha/cultúrtha/éiceolaíoch) agus/nó pleananna bainistíochta, de réir mar a theastóidh mar bhonn eolais leis an bpróiseas sin.

3.11 Suirbhé a chur ar siúl maidir le cósta agus le criosanna eadarthaoidí i gContae Chill Mhantáin chun gnéithe oidhreachta cultúrtha, gnáthóga agus conláistí áineasa a aithint atá goilliúnach ó thaobh athrú aeráide (mar shampla, méadú ar líon anfaí, ar chreimeadh agus ar leibhéil na farraige). An t-eolas sin a úsáid chun críocha pleanála agus tosaíochta maidir le cosaint na oidhreachta agus acmhainní conláistí áineasa.

4. Páirtíocht agus rannpháirtíocht a a spreagadh

4.1 Tacú le hobair na ngrúpaí oidhreachta i gContae Chill Mhantáin trí oiliúint a éascú a bhaineann le tiomsú, le foilsiú agus le digitiú ábhair stairiúil. Ag leanúint de sin, féachaint le seimineár faoi chúrsaí staire a reáchtáil i g Contae Chill Mhantáin.

4.2 Tacú le hobair sheirbhísí Cartlainne agus Ginealais Údaráis Áitiúla Chontae Chill Mhantáin trí "Treoir um thaighde teaghlaigh a dhéanamh" a chur ar fáil, mar aon le "treoir do Chartlanna Chontae Chill Mhantáin".

4.3 Tacú le tionscnaimh reatha agus le tionscnaimh nua a bhaineann le feabhas a chur ar bhealaí rochtana oidhreachta, idir fhisiciúil agus intleachta, mar aon le léirmhíniú ar oidhreacht Chontae Chill Mhantáin, le béim ar fhorbairt conairí inbhuanaithe agus bealaí siúlóide chuige sin.

4.4 Obair a dhéanamh i gcomhar le lucht leasmhara a bhaineann le hábhar chun cur chuige comhleanúnach a chothú maidir le cúrsaí forbartha, bainistíochta agus cumarsáide a bhaineann leis an oidhreacht i gContae Chill Mhantáin. Féachaint chuige go ndéanfar prionsabail "Ná Fág Lorg" a shníomh isteach in ábhar léirmhínithe nua maidir le conairí agus ag láithreáin ar leith chun cuairt a thabhairt orthu.

4.5 Na cláir staire áitiúil agus cartlainne a sholáthraíonn an tseirbhís leabharlainne do dhaltaí i scoileanna den dara leibhéal a chur chun cinn, d'fhonn daltaí scoile a spreagadh chun dul i mbun tionscadal príomhúla taighde.

4.6 Tionscnaimh inbhuanaithe éiceathurasóireachta a spreagadh, ina ndéantar freastal ar riachtanais úsáideoirí áineasa allamuigh, acmhainní oidhreachta agus pobal áitiúla. Leanúint de chur chuige páirtíochta chun Tearmann Fiadhúlra an Chósta Thoir, Tionscadal Athbhunaithe an Chúir Rua a fhorbairt, mar aon le pacáistí saindeartha oidhreachta/turasóireachta cultúrtha.

4.7 Leanúint de chur chuige páirtíochta maidir le comhoibriú le heagraíochtaí eile pobail agus comhshaoil i gContae Chill Mhantáin mar thaca le cuspóirí i gcoitinne agus cabhrú le faisnéis oidhreachta a scaipeadh. Teagmháil le Gréasán Oibrithe Deonacha Chontae Chill Mhantáin, chun féachaint chuige go gcuirtear "oidhreacht" isteach mar aicme ina gcuid bunachar sonraí.

4.8 Tacú le Gréasán Oideachas Comhshaoil a fhorbairt do Chontae Chill Mhantáin, (ag teacht leis na haidhmeanna i Straitéis Áineasa Allamuigh Chontae Chill Mhantáin), chun fardal iniúchta a dhéanamh de sholáthraithe reatha oideachais agus seirbhísí gaolmhara sa chontae, chun na seirbhísí reatha a neartú agus cláir nua a sholáthar mar is gá.

4.9 Obair a dhéanamh i gcomhar le grúpaí áitiúla sa chontae chun deiseanna oiriúnacha a aimsiú chun cumas cuairteoireachta agus léirmhínithe Oidhreacht Mhianadóireachta Chontae Chill Mhantáin a fhorbairt.

4.10 Daoine a spreagadh chun rannpháirtíocht a ghlacadh i Scéimeanna Comharsanachta Seirbhíse Foraoise agus Coillte Dúchais, ag brath ar a mbíonn de mhaoiniú ar fáil faoin dá scéim sin.

4.11 Rannpháirtíocht a ghlacadh i Lá Bithéagsúlachta uair sa bhliain, ag eagrú imeachtaí i gcomhar le grúpaí páirtíochta sa chontae agus na himeachtaí sin.

4.12 I gcomhar le daoine eile, rannpháirtíocht an phobail i scéimeanna bithéagsúlachta a chur chun cinn trí mheán gnéithe bithéagsúlachta scéimeanna náisiúnta, mar shampla, Na Bailte Slachtmhara agus Comórtas "PURE Mile" a thabhairt isteach do Chontae Chill Mhantáin, chun béim láidir bithéagsúlachta a chinntiú.

4.13 Obair i gcomhar le soláthraithe oideachais a bhaineann le hábhar i gContae Chill Mhantáin chun féachaint chuige go ndéanfar an bhithéagsúlacht a shníomh isteach i gcláir agus in ábhair oideachasúla, mar shampla, na “Scoileanna Glasa” agus na tionscnaimh a bhaineann le “Pobail Ghlasa” a bhíonn á gcomhordú ag An Taisce.

4.14 Tacú le tionscnaimh forbartha na mbuntáistí go léir atá le baint as coillte Chontae Chill Mhantáin agus iad siúd a chur chun cinn, go háirithe maidir le fiadhúlra agus le bithéagsúlachta, leis na huiscebhealaí a chosaint, le táirgeadh adhmaid agus le forbairt úsáide inbhuanaithe chun áineasa.

4.15 Tacú leis an tionscnamh a bhaineann le “Páirc Eibhir Bhaile an Chnocáin” agus féachaint leis an tionscadal píolótach sin a fhorbairt in éineacht le páirtithe ábhartha, chun tuiscint ar thraidisiún gearrtha cloch na háite a mhéadú agus é a chur chun cinn.

4.16 Féachaint chuige go mbeidh rannpháirtíocht níos m ó ag saineolaithe Oidhreachta as Contae Chill Mhantáin san Eolaire “Oidhreacht sna Scoileanna” a fhoilsíonn an INTO/ Chomhairle Oidhreachta.

AGUISÍN 1 Próiseas an Phlean Oidhreachta

Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó na dreamanna agus ó na daoine seo a leanas mar chuid den chéad chéim de chomhairliúchán poiblí, 11ú Feabhra- 26ú Márta.

01	An Roinn Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
02	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
03	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
04	J. Callery, Oifig Feasachta Comhshaoil, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
05	Donnachadh Byrne, Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir
06	Roger Garland, Keep Ireland Open
07	Bord Gáis
08	An Roinn Cosanta
09	Bord Soláthair an Leictreachas (BSL)
10	D. Little, Coillte na hÉireann
11	Simon Harris, Ionadaí de chuid Fhine Gael
12	An Clr. Caroline Burrell, Comhairle Baile Bhré
13	John O Toole, Pobal Sráidbhailte Slachtmhara, Gráinseach Chuinn
14	Michael Carey, An Caisleán Nua
15	Nora Hickey, Ionad Ealaíne an Mermaid, Bré
16	Sophie Preteseille, An Clár um Oidhreacht Gheolaíochta, SGÉ
17	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
18	Sarah Wright, Bailte Slachtmhara, Dún Luáin
19.	Comhairle Pobail, Deilgne, Lailli De Buitlear
20	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Chontae Chill Mhantáin
21	Cumann Staire Bhaile Coimín
22	An Clr. Tom Fortune/Turasóireacht Chontae Chill Mhantáin
23	Coastal Concern Alliance, Helen Gelletlie
24	Grúpa Pobail an Rátha
25	An Roinn Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
26	Damian Clarke, Bainisteoir, Tionscadal AthbhunaiAn Chúir Rua
27	Coiste Thionscadal Oidhreacht Mhianadóireachta Ghleann Dá Loch – J. Kavanagh
28	Ann C. Byrne
29	Cumann Cosanta Ábhann Fheartraí – Matthew Weiss
30	Páirtíocht Chontae Chill Mhantáin

Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó na dreamanna agus ó na daoine seo a leanas mar chuid den dara céim de chomhairliúchán poiblí, 7ú lúil- 20ú Lúnasa.

01.Comhairle Contae Loch Garman
02.An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
03.An Clár um Oidhreacht Gheolaíochta, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
04.Iarnród Éireann
05.Grúpa Oidhreachta Cois Locha, An Leacain
06.Cumann Siúlóide Inis Sceire
07.An tAire Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
08.An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
09.An Bord Pleanála

10.Comhairle Pobail, Deilgne, David J. Walsh.
11.An Bord Gáis
12.Fóram Inis Sceire, Colin Lawlor, Cathaoirleach
13.Cumann Caomhnaithe Ghráinseach Chuinn
14.Ian Doyle, Ceannasaí Caomhantais, An Chomhairle Oidhreachta
15.Keep Ireland Open
16.An Rannóg Innealtóireachta, An Roinn Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
17.An Roinn Iompair
18.Michael Brady, Oifigeach Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí, Fáilte Ireland
19.Pat Kavanagh, Cairde an Mhuirbhigh
20.Beatrice Kelly, Ceannasaí, Polasaí agus Taighde, An Chomhairle Oidhreachta

Freastal ar na cruinnithe poiblí a reáchtáladh mar chuid den dara céim den chomhairliúchán poiblí.

Halla Baile Bhré Déardaoin 30ú Iúil @ 7.00 in.

1. Tom Molyneux
2. Evelyn Cawle
3. Yanny Peters
4. Brian White
5. Lesley-Ann Hayden
6. Eddie Swaine
7. Carra Murray
8. Cllr Kathleen Kelleher
9. D. Walsh
10. Deirdre Burns

Leabharlann Bhaile Coimín Dé Sathairn 8ú Lúnasa @ 2.00 in.

1. Seamus Balfe
2. Stephen Bray
3. Helen Lawless
4. Pat Pidgeon
5. Aidan Cruise
6. Kathy Trant
7. Pat Conlon
8. Beth Halligan
9. John O Toole
10. Deirdre Burns

Príosún Stairiúil Chill Mhantáin Dé Máirt 11ú Lúnasa @ 7.00 in.

1. Tony Renshaw
2. Sheila Clarke
3. Catherine Wright
4. Patrick Keogh
5. James Keogh
6. Deirdre Burns

Aguisín 2: Comhaltaí an Fhóraim Oidhreachta agus na nGrúpaí Oibre

Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin 2009

1. Noel Keyes – Cathaoirleach
2. Enda Mullen – Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin / NPWS
3. Kevin Collins – An tSeirbhís Foraoiseachta
4. Sharon Kelly – An tAonad um Oidhreacht Ailtireachta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG)
5. Donnachadh Byrne – Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir
6. An Clr. Pat Byrne – Comhairle Baile Bhaile Chill Mhantáin
7. An Clr. Bernie O Halloran– Comhairle Baile an Inbhir Mhóir[1]
8. An Clr. Kathleen Kelleher – Comhairle Baile na gClocha Liatha
9. Caroline Burrell – Comhairle Baile Bhré
10. Robert Sheriff – Teagasc
11. Oran O Sullivan – Cairde Éanlaith Éireann
12. Martin Phillips – Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin(CGO)
13. An Clr. Tom Fortune – Turasóireacht Chontae Chill Mhantáin
14. Colin Murphy – Wicklow Uplands Council
15. John Medlycott – Cumann Staire agus Béaloideasa An Tóchair
16. John Doyle – Cumann Tráchtála Chill Mhantáin
17. Leslie Armstrong – Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta(CIF)[2]
18. Siobhán Geoghegan – Páirtíocht Chontae Chill Mhantáin
19. Chris Corlett – Seandálaí (duine aonair)
20. Pat Pigeon – Fóram Bhaile Coimín agus Cheantar Bhaile Coimín
21. Jean Costello– Coillte
22. Declan O Neill – Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
23. An Clr. Pat Vance – Comhairle Chontae Chill Mhantáin (Coiste um Polasaí Pleanála Straitéisí)
24. Catherine Wright – Ionad Stair Teaghlaigh Chill Mhantáin, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
25. Brendan Martin – Seirbhís Leabharlanna Chill Mhantáin, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
26. Deirdre Burns – Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Chill Mhantáin

[1] A tháinig i gcomharbacht ar an gClr. Pat Fitzgerald i Meitheamh 2009
[2] D'éirigh L. Armstrong as mar bhall den Fhóram i Meitheamh 09; comharba fós le ceapadh ag CIF

Comhaltaí na nGrúpaí Oibre

Oidhreacht Thógtha – ***Cruinnithe a tionóladh 18ú Feb, 7ú Aibreán & 6ú Mí na Bealtaine 2009***

John Doyle – Cumann Tráchtála Chontae Chill Mhantáin,
An Clr. Caroline Burrell – Comhairle Baile Bhré
Colin Murphy – Wicklow Uplands Council (WUC)
Chris Corlett – Seandálaí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Brendan Dunne – An Roinn Pleanála, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
Deirdre Burns – Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
Sharon Kelly – Comhairleoir um Oidhreacht Ailtireachta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Oidhreacht Nádúrtha – ***Cruinnithe a tionóladh 3ú Márta & 23ú Aibreán 2009***

Oran O Sullivan BWI,
Donnachadh Byrne, Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir (ERFB)
Enda Mullen, Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin
Helen Lawless, Wicklow Uplands Council (WUC)
Kevin Collins, An tSeirbhís Foraoiseachta,
Jonathon Sexton, An Roinn Seirbhísí Comhshaoil, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
Deirdre Burns, Oifigeach Oidhreachta Comhairle Chontae Chill Mhantáin.

Oidhreacht agus Cultúr Áitiúil – ***Cruinnithe a tionóladh 23 ú Feabhra, 29ú Aibreán & 14ú Mí na Bealtaine 2009***

John Medlycott, Cumann Staire agus Béaloideasa An Tóchair
Siobhán Geoghegan, Páirtíocht Chontae Chill Mhantáin
Lenka Mulligan, Wicklow Uplands Council (WUC)
Pat Pigeon, Fóram Bhaile Coimín agus Cheantar Bhaile Coimín
Ciara Brennan, Seirbhís Leabharlainne Chill Mhantáin
Catherine Wright, Ionad Stair Teaghlaigh Chill Mhantáin
Moira Byrne, Oifigeach Feasachta Comhshaoil, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
Deirdre Burns, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Chill Mhantáin

Aguisín 3: Cur i bhFeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2004-2008 i bhFeidhm

Achoimre de na príomhghníomhartha a cuireadh i gcrích

1. **<u>Cur le Próifíl na hOidhreachta i gContae Chill Mhantáin</u>**

- Staidéar um Fheasacht Oidhreachta i gContae Chill Mhantáin 2005/6 – a cuireadh i gcrích i gcomhar le DIT chun eolas bunlíne a bhailiú maidir le dearcadh agus feasacht i leith na hoidhreachta.
- Nuachtlitir "Oidhreacht Chill Mhantáin" – a foilsíodh faoi dhó sa bhliain ó 2005 i leith agus a dáileadh saor in aisce
- Seoladh tionscadail éagsúla go poiblí, soláthraíodh ábhar i gcomhair iris mhíosúil na Comhairle Oidhreachta agus do nuachtlitir na Comhairle Oidhreachta.
- Rinneadh an rannóg oidhreachta ar shuíomh idirlín www.wicklow.ie a thabhairt suas chun dáta agus a fheabhsú agus rinne Turasóireacht Chontae Chill Mhantáin ábhar a bhaineann le hoidhreacht ar www.visitwicklow.ie a fheabhsú.

Imeachtaí, seimineáir, cúrsaí oiliúna

- Aimsithe Seandálaíochta ar an N11 i gContae Chill Mhantáin - Comhdháil 2003
- Aithris ar eachtraí stairiúla i mBré, san Inbhear Mór agus i mBaile Chill Mhantáin, 2004-5
- Cúrsaí oiliúna "Rochtain ag Cách" a reáchtáladh i 2005
- Oral history recording training evening - Baile Coimín 2005
- Lá oiliúna maidir le húsáid cloch agus aoil ag Festina Lente 2005
- Lá Oidhreachta "Cill Mhantáin 400" do Theaghlaigh i 2006
- Lá Oidhreachta do Theaghlaigh in Avondale gach bliain, Seachtain Oidhreachta 2006, 2007 agus 2008
- Imeachtaí i Seachtain Oidhreachta gach bliain – cainteanna, siúlóidí
- Comhdháil um Struchtúir Faoi Chosaint, 2006
- Lá Seandálaíochta ar an Tóchar, 2006
- Cairde Éanlaith Éireann: Lá Teaghlaigh i dTearmann Fiadhúlra An Chósta Thoir
- Imeachtaí Páirce Náisiúnta (imeachtaí Lá Bithéagsúlachta)
- Seimineáir Phoiblí faoi Reiligí, 2006, 2008
- Cúrsaí forbartha maidir le Conairí Áineasa, 2006
- Tráthnóna na ndeontas caomhnaithe, 2007

Taispeántais

- Taispeántas "Sléibhte agus Sinne" 2004
- Taispeántais i Seachtain na gCrann 2005 agus 2006
- Taispeántas Fiadhúlra 2005
- "Umha Aois" – taispeántas Cre–umhaoise 2005
- Taispeántas an Ghleanna Mhóir
- Taispeántas Shackleton
- Taispeántas Oidhreacht Ailtireachta Thithe na nDaoine Chontae Chill Mhantáin 2008

2. **<u>Tiomsú faisnéise maidir leis an Oidhreacht i gContae Chill Mhantáin</u>**

- "A Route through the Past" – foilseachán maidir le seandálaíocht ar an N11
- Póstaer mar chur in aithne do Bhithéagsúlacht Chontae Chill Mhantáin 2006
- Treoir do Bhogaigh an Mhuirbhígh i gcomhair cuairteoirí 2006
- Cósta Chill Mhantáin – 2007 (Treoir maidir le Fiadhúlra Chill Mhantáin)
- Coillte Chomhairle Chontae Chill Mhantáin – 2007 (Treoir maidir le Fiadhúlra Chill Mhantáin)
- Sléibhte Chill Mhantáin – 2007 (Treoir maidir le Fiadhúlra Chill Mhantáin)
- Cur in aithne do Sheandálaíocht Chontae Chill Mhantáin 2008 – Treoir agus Pacáiste Oideachais
- Treoir don Ghleann Mór i gcomhair cuairteoirí*
- Treoir do Choill Bhaile an Chinnéidigh **

- Treoir do Choill Kindlestown Wood* *(*A tiomsaíodh faoi scéimeanna Comharsanachta)*
- Siúlóid nua a fhorbairt – conas bealach nua siúlóide a fhorbairt i gcéimeanna, mar threoir do ghrúpaí pobail, 2006- a tiomsaíodh i gcomhar leis an Wicklow Sustainable Trails Network (WSTN)
- Oidhreacht Mhianadóireachta Chontae Chill Mhantáin, a foilsíodh i 2008
- Foirgnimh Thraidisiúnta Chontae Chill Mhantáin – féilire 2009

3. <u>Gníomhartha chun feabhas a chur ar chosaint na hoidhreachta agus ar chomhar le heagraíochtaí eile.</u>

- Staidéir um Limistéir Ailtireachta Faoi Chosaint, a cuireadh i gcrích maidir leis na bailte seo a leanas: Ráth Droma, Baile Coimín agus na Clocha Liatha
- Ráitis um Dhearadh Sráidbhailte (VDS) a rinneadh maidir le ceithre shráidbhaile i 2004 – 2006, mar atá, Gleann Fhaidhle, Stratford on Slaney, An Chlais agus Cill Chaoimhín
- Plean Fearainn Phoiblí do Bhaile Chill Mhantáin 2008
- Scata clár Comharsanachta a cuireadh i gcrích go sásúil i gContae Chill Mhantáin a raibh Comhairle Chontae Chill Mhantáin páirteach iontu (Bog Meadow, An Gleann Mór, Baile an Chinnéidigh, Kindlestown)
- Post píolótach mar Chomhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh (FMA) curtha ar bun i 2006 do thréimhse bliana.
- NIAH do Chontae Chill Mhantáin 2005 – Féilire Ailtireachta 2006 arna fhoilsiú, inar úsáideadh an suirbhé. Nasc le NIAH ar leathanach oidhreachta shuíomh idirlín Chill Mhantáin. Úsáideadh torthaí an tsuirbhé mar bhonn eolais don RPS don Inbhear Mór, do bhailte Chill Mhantáin agus do Chomhairle Chontae Chill Mhantáin
- Suirbhé ar Reiligí Chontae Chill Mhantáin, 2006
- Tithe Traidisiúnta Tuaithe Chontae Chill Mhantáin – suirbhé ar fhoirgnimh ionadúla, 2007
- Oibreacha caomhnaithe maidir leis na foirgnimh seo a leanas: Clogthúr Inis Sceire, Leabharlann Dhún Luáin, Leabharlann Inis Sceire, Másailéam Chill Bhríde san Inbhear Mór, Oifig an Chláraitheora san Inbhear Mór, teach feirme an Chaptaein Tarrant sna Clocha Liatha
- Fardal iniúchta maidir le Bailiúcháin Oidhreachta Nádúrtha a rinneadh i 2005
- Tacaíocht do shuirbhé ar phlandaí tearca i 2006
- Tacaíocht do shuirbhé ar an Ruabhreac Artach i 2005
- Tacaíocht do staidéar modheolaíochta maidir le Limistéir Áitiúla Bithéagsúlachta i 2005
- Léarscáil a chruthú de Limistéir Áitiúla Bithéagsúlachta (LBA) sna ceantair seo a leanas: Na Clocha Liatha/Deilgne, Ráth Droma agus Coimín
- Léarscáil a chruthú de ghnáthóga uirbeacha sna bailte seo a leanas: Bré, Baile Chill Mhantáin agus an tInbhear Mór i 2008

4. <u>Tacaíocht go ghníomhaíocht ag pobail daoine</u>

- Tacaíocht do thionscadail éagsúla trí aicme oidhreachta a chur le Dámhachtainí Pobail & Oidhreachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin, 2005-09. Cabhraíodh le timpeall 90 tionscadal, idir fhoilseacháin staire áitiúil, cruthú conairí oidhreachta, imeachtaí oidhreachta agus tionscadal leasaithe fiadhúlra.
- Tacaíocht don Tionscadal um Chomharthaíocht Sráidbhailte 2007-2009 i gcomhar leis an Wicklow Uplands Council agus pobail áitiúla i 6 sráidbhaile i gContae Chill Mhantáin
- Seimineár maidir le Bailte Slachtmhara - Márta 2008, 2009
- Laethanta Gníomhaíochta Pobail – imeachtaí oiliúna le téama a reáchtáladh i gceithre Shatharn i 2008
- Siúlóid Iarnróid Thigh na hÉille – le tacaíocht Pháirtíocht Tuaithe Chill Mhantáin (WRP), Chomhairle Chontae Chill Mhantáin agus Fhorbairt Cheantar Thigh na hÉille (TAD)

Aguisín 4: Gluais Téarmaí

Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA): Ciallaíonn Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) áit, ceantar, grúpa struchtúr nó dreach baile, rud a chumsíonn línte agus aoirdí tógála lena mbaineann spéis ar leith ó thaobh na hailtireachta, na staire, na seandálaíochta, na healaíne, nó fós spéis chultúrtha, eolaíocht nó theicniúil, nó a chuireann le tuiscint ar struchtúr faoi chosaint agus a bhfuil sé mar chuspóir faoi phlean forbartha é a chosaint (mar a leagtar amach in alt 81 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Bithéagsúlacht Éagsúlacht na beatha i measc nithe beo an domhain, rud a chuimsíonn éagsúlacht idir speicis agus taobh istigh de speicis, agus éagsúlacht idir éiceachórais agus taobh istigh díobh.

Treoir um Éanlaith: Cuireann Treoir um Éanlaith an AE (79/409/EEC) ceangal ar gach ballstát "Limistéir Speisialta Faoi Chosaint" a chruthú maidir le héanlaith. Tá iarscríbhinní sa treoir ina bhfuil liostaí éan a mbíonn bearta ar leith caomhantais de dhíth lena gcosaint (Iarscríbhinn 1), mar aon le speicis ar féidir fiach a dhéanamh orthu, nó iad a dhíol.

Plean caomhnaithe: Doiciméad is sa Plean Caomhnaithe ina mínítear cén fáth gur den spéis suíomh ar leith agus conas a choinnítear na gnéithe inspéise sin in áit agus úsáid ar bith eile á baint as an áit amach anseo, nó fós le linn a athchóirithe nó a dheisithe.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) Ciallaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta measúnú ar an tionchar is dócha a bheadh ag tionscadal ar an timpeallacht. Is féidir Measúnacht Tionchair Timpeallachta a shainmhiú mar "an próiseas faoina ndéantar an tionchar bithfhisiciúil, sóisialta agus tionchar ábhartha eile a bhaineann le tograí forbartha sula nglactar le cinneadh mór agus le tiomantais mhóra" (IAIA 1999). Is é cuspóir na measúnachta ná a dheimhniú go gcuireann lucht déanta cinntí an tionchar ar an timpeallacht sa mheá agus cinneadh á ghlacadh acu faoi ar cheart dul ar aghaidh le tionscadail nua.

Scéim um Chomhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh (FMA): Ciallaíonn an Scéim um Chomhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh clár a bhíonn á reáchtáil i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus leis an gComhairle Oidhreachta chun faisnéis, comhairle agus tacaíocht a sholáthar i gcomhair úinéirí talún maidir le caomhantas séadchomharthaí faoina gcúram. Chuir Comhairle Chontae Chill Mhantáin scéim phíolótach ar siúl i 2006/07

"Scoileanna Glasa": Ciallaíonn "Scoileanna Glasa" clár um oideachas comhshaoil agus scéim dámhachtainí dírithe ar ghníomhaíocht uile-scoile, fhadtréimhseach chun leasa na tipeallachta. Is é An Taisce a reáchtálann an clár "Scoileanna Glasa" in Éirinn, i gcomhar le húdaráis áitiúla.

"Pobail Ghlasa": Ciallaíonn "Pobail Ghlasa" clár nua arna fhorbairt ag An Taisce i gcomhar le Keep Wales Tidy. Tá an clár dírithe ar spreagadh a thabhairt do ghrúpaí páirt ghníomhach a ghlacadh chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht áitiúil agus lorg carbóin a ngníomhartha a mhaolú san am céanna. Tá Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag tacú leis an tionscadal sin mar cheann de na húdaráis áitiúla sa cheantar "teorann" idir an Bhreatain Bheag agus Éire.

Oidhreacht: Déantar oidhreacht a shainmhíniú de réir Acht Oidhreachta1995 mar rud a chuimsíonn na réimsí seo a leanas: séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, longa briste, geolaíocht, uiscebhealaí intíre, gáirdíní agus páirceanna oidhreachta..

An Treoir um Ghnáthóga: Rinneadh cuid de reachtaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach den Treoir um Ghnáthóga an AE (92/43/EEC) trí Rialacháin (Gnáthóga Nádúrtha) i 1997. Ainmnítear sa treoir sin (in Iarscríbhinn 1) gnáthóga áirithe nach mór iad a chosaint trí Limistéir Speisialta Caomhantais a bhunú. Ina theannta sin, luaitear sa treoir (in

Iarscríbhinn 2) speicis nach mór cosaint a chur ar fáil dóibh. Féachtar sa treoir sin le "Natura 2000" a bhunú mar ghréasán ceantar faoi chosaint ar fud an Chomhphobail Eorpaigh.

An Chomhairle Oidhreachta: Bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta mar chomhlacht reachtúil faoi Acht Oidhreachta 1995. Is é ról na Comhairle ná beartais agus tosaíochtaí a mholadh maidir leis an oidhreacht nádúrtha a aithint, a chosaint agus a fheabhsú. Luíonn freagracht ar leith ar an gComhairle ó thaobh spéis, oideachas, faisnéis agus mórtas a chur chun cinn maidir leis an oidhreacht nádúrtha.

Scéim um Oidhreacht sna Scoileanna: Faoin scéim um Oidhreacht sna Scoileanna, a oibríonn Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) agus an Chomhairle Oidhreachta i gcomhar lena chéile, déantar painéal saineolaithe i gcúrsaí oidhreachta a thairiscint mar chuairteoirí go dtí bunscoileanna, chun labhairt faoi théamaí oidhreachta.

Ná Fág Lorg: Clár Eitice Allamuigh is ea "Ná Fág Lorg", atá dírithe are áineas freagrach a chur chun cinn agus a spreagadh trí mheán an oideachais, na taighde agus na páirtíochta.

Local Agenda 21: Cuireadh tús le Local Agenda 21 ag Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe Maidir Le Comhshaol agus Forbairt (dá ngairtear, leis, an Cruinniú Mullaigh Domhanda nó Cruinniú Mullaigh Rio) a reáchtáladh i Meitheamh 1992. Próiseas pleanála inbhuanaithe idirnáisiúnta is ea Local Agenda 21 (LA21) faoina soláthraítear deis do rialtais áitiúla obair in éineacht lena bpobail chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú.

Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta: Bunaíodh an tIonad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlacht in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Is é an lárionad náisiúnta maidir le bailiú agus le bainistiú sonraí bithéagsúlachta in Éirinn.

Fardal Náisiúnta um Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) Aonad laistigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil is ea an Fardal Náisiúnta um Oidhreacht Ailtireachta. Tá obair NIAH dírithe ar oidhreacht ailtireachta na hÉireann ó 1700 go dtí an lá inniu a aithint agus a chur ar an taifead.

Rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta, Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil: Tá an Rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta, atá ina chuid den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil freagrach as láithreáin a aithint agus a ainmniú trí Shuirbhé Geolaíochta na hÉireann agus a chabhraíonn le Bord na nOibreacha Poiblí cúram seandálaíochta a ghlacadh de áitribh i seilbh an stáit, rialacháin a chur i bhfeidhm maidir le rialú agus le cosaint séadchomharthaí, ar a n-áirítear ceadúnú tochailtí faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, chomh maith le faisnéis agus comhairle a sholáthar le haghaidh údarás áitiúla agus údarás eile maidir le hiarratais a bhaineann le pleanáil aonair agus iarratais eile a bhaineann le forbairt, le tionscadail agus le pleananna.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS): Cuid den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil is ea an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, atá freagrach as freagrachtaí Rialtas na hÉireann faoi reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach a bhainistiú. Tá NPWS freagrach as caomhnú scata éiceachóras agus pobal flora agus fauna in Éirinn. Tá freagracht ar leith ar NPWS maidir Limistéir Speisialta Caomhantais (SAC) a ainmniú agus a chosaint, mar aon le Limistéir Speisialta Faoi Chosaint (SPA) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA).

Tionscadal "***PURE":*** Tionscadal comhshaoil is ea PURE (tailte arda agus timpeallacht tuaithe a chosaint), a bunaíodh chun deireadh a chur le dumpáil/diúscairt mhídhleathach i dtailte arda Chill Mhantáin/Átha Cliath. Tionscnamh réigiúnach is ea PURE, arb é an chéad cheann dá shaghas in Éirinn, a chuimsíonn údaráis áitiúla, ina measc, Comhairle Chontae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire agus Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, chomh maith le Coillte, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, BSL, mar aon le roinnt eagraíochtaí neamhreachtúla faoi scáth an Wicklow Uplands Council, chun deireadh a chur le

teagmhais bheaga a bhaineann le dumpáil/diúscairt mhídhleathach i gceantar tailte arda Chill Mhantáin/Átha Cliath. Cuirtear acmhainní oideachais ar fáil trí shuíomh idirlín an tionscadail.

"PURE Mile": Tá tionscnamh nua comhshaoil "PURE Mile" (tailte arda agus timpeallacht tuaithe a chosaint) dírithe are tuiscint agus ar feasacht níos fearr a chothú maidir le dreach bóithre ár dtíre trí iarrachtaí pobail a aithint agus luaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir é sin a bhaint amach ach míle bóthair (timpeall 1.6 cm), mar aon leis an taobh tíre sínte leis a choimeád slán ó bhruscar/dhramhaíl, agus machnamh a dhéanamh san am céanna ar chaomhnú agus ar chothabháil cúramach flora agus fauna, díoganna, fál sceach agus gnéithe eile an ceantar, idir nádúrtha agus chruthaithe. Déanfar an tionscadal a sheoladh i bhfómhar na bliana 2009.

Taifead Struchtúr Faoi Chosaint (RPS): Clár Struchtúr Cosanta is ea an Taifead Struchtúr Faoi Chosaint arna thiomsú ag údarás pleanála mar chuid den Phlean Forbartha. Ciallaíonn Struchtúr Faoi Chosaint struchtúr, nó cuid de struchtúr, a mheasann údarás pleanála go mbaineann spéis ar leith leis ó thaobh na hailtireachta, na staire, na seandálaíochta, na healaíne, nó go bhfuil spéis chultúrtha, shóisialta nó theicniúil ag baint leis.

Limistéar Speisialta Caomhantais (SAC): Ciallaíonn Limistéir speisialta Caomhantais (SAC) limistéir príomhúla fiadhúlra na tire, a meastar gur den tábhacht iad ar an ardán Eorpach, chomh maith leis an ardán Éireannach. Is é an bonn reachtaíochta ar a roghnaítear limistéir speisialta caomhantais ná Treoir um Ghnáthóga an AE (92/43/EEC), ó rinneadh cuid de reachtaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach di trí Rialacháin (Gnáthóga Nádúrtha) i 1997. Ainmnítear sa treoir sin (in Iarscríbhinn 1) gnáthóga áirithe nach mór iad a chosaint laistigh de Limistéir Speisialta Caomhantais a bhunú. Ina theannta sin, luaitear sa treoir (in Iarscríbhinn 2) speicis nach mór cosaint a chur ar fáil dóibh. Féachtar sa treoir sin le "Natura 2000" a bhunú mar ghréasán ceantar faoi chosaint ar fud an Chomhphobail Eorpaigh, agus is ar gach stát ar leithligh a luíonn an fhreagracht maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais (SAC) mar chosaint do ghnáthóga agus do speicis, a oibríonn in éineacht leis na Limistéir Speisialta Faoi Chosaint (SPA), arna sannadh faoi Threoir um Éanlaith an AE (79/409/EEC) chun "Natura 2000" a dhéanamh suas.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) Córas is ea Measúnacht Tionchair Timpeallachta chun cúram an chomhshaoil a shníomh isteach i mbeartais, i bpleananna agus i gcláir. Tagraítear dó, uaireanta, mar Mheasúnacht Straitéiseach ar Thionchar Timpeallachta, agus baineann an téarma sainiúil Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil le Beartas Eorpach. Cuireann Treoir Eorpach SEA (2001/42/EEC) ceangal ar gach ballstát den Aontas Eorpach an Treoir a dhaingniú isteach i reachtaíocht a dtíortha féin faoi Iúil 2004. Rinneadh cuid de reachtaíocht na hÉireann di trí Rialachán 435 agus IR 431 de 2004. Is é atá mar chuspóir ag an treoir ná cosaint ardleibhéil a thabhairt don chomhshaol agus cabhrú le cúram comhshaoil a shníomh isteach san obair a bhaineann le hullmhú agus le glacadh le pleananna sainiúla agus le cláir shainiúla maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

An tAcht Fiadhúlra, 1976: Is é Acht Fiadhúlra 1976 an reachtaíocht phríomhúil náisiúnta ina soláthraítear cosaint don dúlra agus ina dtugtar gníomhaíochtaí áirithe faoi smacht a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar fhiadhúlra. Is iad aidhmeanna Acht Fiadhúlra 1976 ná fauna agus flora fiáine a chosaint agus a chaomhnú, sampla ionadaíoch de éiceachórais lena mbaineann tábhacht a chaomhnú, soláthar a dhéanamh chun acmhainní a fhorbairt agus a chosaint agus a n-úsáid a rialú, mar aon leis na seirbhísí is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Aguisín 5: Reachtaíocht Oidhreachta a bhaineann le hábhar

Reachtaíocht Náisiúnta agus AE

Oidhreacht agus Pleanáil
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
An tAcht Oidhreachta, 1995
Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta (Treoir Chomhairle 85/337/EEC, mar a leasaíodh)
Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (Treoir Chomhairle 2001/42/EC)

Oidhreacht Thógtha
Achtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta, 1990-1994
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
An tAcht um Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (forálacha ilghnéitheacha), 1999
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Oidhreacht Nádúrtha agus Uiscebhealaí
An tAcht um Fhiadhúlra, 1976
An tAcht um Fhiadhúlra, (Leasú), 2000
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha), 1997
An Treoir um Éanlaith (Treoir Chomhairle 79/409/EEC), 1979 (arna dhaingniú1985)
An Treoir um Ghnáthóga (Treoir Chomhairle 92/43/EEC), 1992 (arna dhaingniú1997)
An Treoir um Chreat Uisce (Treoir Chomhairle 2000/60/EC), 2000

Iarsmalanna agus Cartlanna
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
Achtanna Rialtais Áitiúil 1994 agus 2001

Landscapes and Heritage Gardens & Parks
Planning and Development Act 2000

Coinbhinsiúin agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta atá sínithe agus daingnithe ag Éirinn

Coinbhinsiún UNESCO um Chosaint Oidhreacht Chultúrtha agus Oidhreacht Nádúrtha an Domhain (arna dhaingniú 1992).
An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa (Coinbhinsiún Granada), 1997.
An Coinbhinsiún um Bogaigh le Tábhacht Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Ramsar), 1971 (arna dhaingniú, 1984).
An Coinbhinsiún um Chaomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Berne), 1979 (arna dhaingniú, 1982).
An Coinbhinsiún um Chaomhnú Speiceas Imirceacha Fia-ainmnithe (Coinbhinsiún Bonn), 1979 (arna dhaingniú, 1983).
An Coinbhinsiún um Éagsúlacht Bhitheolaíoch, 1992 (arna dhaingniú, 1996).
An Comhaontú um Chaoimhnú Ialtóg san Eoraip (Coinbhinsiún Bonn), 1993 (arna dhaingniú, 1995).
Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 1994.(arna dhaingniú, 1996)
Comhaontú um Chaomhnú Éanlaithe Uisce Imirceacha Eor-Áisí (AEWA) (Coinbhinsiún Bonn), 1996.
Straitéis Uile-Eorpach um Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Tírdhreacha (glactha leis 1995)
An Coinbhinsiún um Thírdhreach Eorpach, 2000 (arna dhaingniú, 2002)